Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Samhain 2014**
**(OR. en)**

**16102/14**

**LIMITE**

**FISC 217**
**ECOFIN 1106**

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | An Cód Iompair (Cánachas Gnó)<br>- Dréacht-tuarascáil don Chomhairle<br>- Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle |

1. Ag an gcruinniú a bhí aige an 20 Samhain 2014, phléigh an Mheitheal um an gCód Iompair an dréacht-tuarascáil ón Mheitheal don Chomhairle (16100/14 FISC 216 ECOFIN 1105) agus dréacht-Chonclúidí atá le glacadh ag an gComhairle (ECOFIN) ag an gcruinniú a bheidh aici an 9 Nollaig 2014.

2. Mar seo a leanas atá mír 12 ón tuarascáil dréachtaithe:

"*Tar éis na díospóireachtaí ar fad i bhFóram na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta i ndáil le Cleachtais Dhíobhálacha Cánach, d'fhormheas an Mheitheal comhréiteach maidir le cur chuige an chumarphointe mhodhnaithe (féach Iarscríbhinn 1). D'aontaigh an Mheitheal nach raibh na boscaí paitinne AE a rinne an Mheitheal a scrúdú comhoiriúnach le cur chuige an chumarphointe mhodhnaithe faoi mar a glacadh é sa chomhréiteach. Dá bharr sin, ba cheart na boscaí paitinne AE sin a athrú ar aon dul leis an gcomhréiteach. D'aontaigh an Mheitheal gur cheart go dtosófaí leis an bpróiseas reachtach chun an t-athrú sin a chur i gcrích in 2015 chomh maith leis an bhfaireachán gaolmhar a bhí le déanamh ag an Meitheal um an gCód Iompair*".

3. Ag an gcruinniú céanna, pléadh freisin na dréacht-Chonclúidí ón gComhairle atá leagtha amach thíos:

"*Maidir leis an Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó), fógraíonn Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid a leanas:*

- *is díol sásaimh di an dul chun cinn a rinne an Mheitheal um an gCód Iompair le linn na hUachtaránachta Iodálaí mar a leagtar amach é ina tuarascáil (16100/14 FISC 216 ECOFIN 1105);*

- *iarrann sí ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar reo na gníomhaíochta agus ar chur chun feidhme an rollta siar, agus ar a cuid oibre faoin bPacáiste Oibre 2011;*

- *iarrann sí ar an gCoimsiún tús a chur arís leis an bplé le Lichtinstéin maidir le réimis dhíobhálacha cánach, mar atá leagtha amach sa tuarascáil;*

- *iarrann sí ar an Meitheal leanúint dá breathnú ar na dréacht-treoracha maidir le Buanbhunaíochtaí Hibride;*

[- *tugann sí dá haire an comhaontú a baineadh amach maidir le léirmhíniú an triú critéar den Chód Iompair ó thaobh boscaí paitinne faoi mar atá sa sainordú reatha;*

- *gur den riachtanas tús a chur leis an bpróiseas reachtach chun réimis na mboscaí paitinne a athrú agus iarrann sí ar an Meitheal faireachán a dhéanamh ar an bpróiseas sin;]*

- *iarrann sí ar an Meitheal tuarascáil ar a cuid oibre a thabhairt don Chomhairle faoi dheireadh na hUachtaránachta Laitví."*

4. Le linn chruinniú na Meithle um an gCód Iompair an 20 Samhain 2014, dúirt IT, HR agus NL go raibh forchoimeádas acu i dtaobh mhír 12 den Tuarascáil agus i dtaobh eang 5 agus eang 6 de na dréacht-Chonclúidí. Ó shin, tá a gcuid forchoimeádas tarraingthe siar ag IT agus HR, ach léirigh NL nach mbeifí in ann a forchoimeádas siúd a aistharraingt roimh chruinniú COREPER. Dá bharr sin, ba cheart an Tuarascáil agus na dréacht-Chonclúidí a chur faoi bhráid COREPER le haghaidh a thuilleadh plé sula nglacfar iad ag cruinniú na Comhairle (ECOFIN) an 9 Nollaig 2014.

5. Mar sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid a leanas a dhéanamh:

- comhaontú a bhaint amach maidir leis an tuarascáil (16100/14 FISC 216 ECOFIN 1105) agus na dreácht-Chonclúidí ón gComhairle mar a leagtar amach thuas iad (mír 3) agus an dá cheann acu a chur chuig an gComhairle;

- a mholadh don Chomhairle an dá cheann acu a fhormheasadh mar ítim "A" ar a clár.

---